# Suíomh, Gluaiseacht, Treo (Cuid 1)

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás – suíomh, gluaiseacht agus treo<br>*Comhtháthú – Teanga, Corpoideachas* |
| **Scileanna Forbartha** | Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna matamaiticiúla – ábhair agus próisis oiriúnacha a roghnú le haghaidh tascanna agus feidhmeanna matamaiticiúla<br><br>Comhthathú agus nascadh – matamaitic a aithint sa timpeallacht<br><br>Tuiscint agus tabhairt chun cuimhne – téarmaíocht agus fíorais a thuiscint agus a mheabhrú |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | ceathrú casaidh, leathchasadh, casadh iomlán, casadh trí cheathrú, ar dheis, ar chlé, deiseal, tuathal |
| **Áiseanna** | lipéid le treoracha/castaí orthu, trealamh do chúrsa bacainní taobh istigh |

## Cur síos ar an nGníomhaíocht

Tugann an múinteoir na daltaí chuig áit ina bhfuil go leor spáis (halla nó clós na scoile) agus tá orthu seasamh ag breathnú chun tosaigh. Déan cinnte de go bhfuil an difríocht idir ar dheis agus ar chlé ar eolas ag na daltaí, m.sh. sleaschéim a dhéanamh le chéile ar dheis agus ansin ar chlé. Scáthánaigh na gluaiseachtaí ionas go mbeidh na daltaí ábalta ar dheis agus ar chlé a shainaithint. Pléigh na téarmaí deiseal agus tuathal.

### 1 Gníomhaíocht 1

Cuir ceithre mharcóir thart ar an halla chun an treoir atá le leanúint a chur in iúl do na daltaí. Is féidir iad seo a lipéadú le hairde an chompáis, amanna an chloig nó téarmaí ábhartha eile. Déanann daltaí casadh iomlán ar dheis nó ar chlé. Ansin, fiosraíonn siad castaí eile cosúil le leathchasadh nó ceathrú casaidh. Cuir ceist ar na daltaí cad atá os a gcomhair, cad is féidir agus nach féidir leo a fheiceáil. Is deis é seo do na daltaí iad féin a chur in iúl agus teanga na matamaitice in úsáid acu. Anois iarr orthu, i mbeirteanna, castaí a dhéanamh i dtreonna éagsúla agus cur síos a dhéanamh orthu ag úsáid teanga na matamaitice.

### 2 Gníomhaíocht 2

Leagann an múinteoir cúrsa bacainní simplí amach leis an trealamh atá ar fáil, agus insíonn sé do na daltaí an tslí chun an cúrsa a threorú agus teanga chuí mhatamaitice in úsáid aige. I mbeirteanna, cruthaíonn daltaí a gcursaí bacainní féin, tugann dalta amháin treoir don dalta eile a bhfuil dallóg air /uirthi chun an cúrsa a chríochnú. Déanann siad malartú lena chéile agus pléann siad na scileanna atá ag teastáil maidir leis na róil dhifriúla. Forbraítear cruinneas na dtreoracha dá bharr.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad a bhfuil tú ag féachaint ina threo anois?<br>• Cén fhad a chas tú?<br>• Cén treo a chas tú? | • Má thosaím ag x, conas a bhainfidh mé y amach?<br>• Cén teanga atá ag teastáil uait treonna a thabhairt?<br>• Déan cur síos ar an tslí ar bhog tú ó x go y.<br>• Cad a tharlódh dá n-athrófá airde an chompáis go hamanna an chloig? |

## Difreáil

Socraigh teanga agus líon na dtreoracha de réir thuiscint na ndaltaí. Mar shampla, déan nasc idir compás agus clog srl. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.